Preas Ráiteas

Méaraí Longfoirt ag freastal ar mórshiúl SPRAOI Choláiste na bhFiann i Longfort.

Beidh Méaraí Chontae Longfoirt – Comhairleoir Sean Farrell agus Méara Bhaile Longfoirt – Comhairleoir James Keogh ag freastal ar an mórshiúil ag an dara SPRAOI de chuid Choláiste na bhFiann i Naomh Mel, Longfort ar an gCéadaoin 13 Lúnasa ag 3:15i.n.. 'Séard is SPRAOI ann ná lá lán le craic agus spórt le mórshiúil san áireamh le go mbainfeadh daltaí cúrsaí Samhraidh Choláiste na bhFiann sult as. Bíonn an lá eagraithe ag **Cumann na bhFiann**, Clubanna iar aire na gColáistí Samhraidh. Is é príomhaidhm an lae ná a chur in iúl do na daltaí go bhfuil deiseanna acu i **gCumann na bhFiann** a gcuid Gaeilge a úsáid agus a chleachtadh ar bhealaí taitneamhacha ar nós ceolchoirmeacha, dioscó agus deireadh seachtainí as baile go léir trí mheán na Gaeilge.

Is é seo an dara **SPRAOI** i Longfort an Samhradh seo ag a mbeidh na daltaí ó cheithre cinn de chúrsaí **Choláiste na bhFiann** – ó Naomh Mel, Longfort; Ros Muc, Co. na Gaillimhe; Sligeach agus Baile an Uairnigh, Co. na Mí. Beidh suas le 4**00** dalta ann a bheidh ag glacadh páirte sna himeachtaí agus cluichí spraoiúil atá eagraithe don lá. Beidh mórshiúil ar siúl trí bhaile Longfoirt thart ar **15:15** a thabharfaidh deis do na daltaí a gcuid amhráin a chanadh agus rincí a dhéanamh. Léireofar do gach duine an spraoi is féidir a bheith acu trí Ghaeilge agus go bhfuil an teanga fós beo.

Ag cur síos ar an ócáid, dúirt Méara Longfoirt
"Is iontach an radharc é nuair a bhíonn grúpa ollmhór ag baint an oiread sin tairbhe as an nGaeilge agus iad lán sásta í a úsáid. Ina theannta san, tá siad uile ag baint taitnimh as! Is sampla iontach atá ann ar cad is féidir a bhaint amach nuair a mhúintear an teanga i slí spraoiúil agus fiúntach i gColáiste na bhFiann."

I mbliana tá **Coláiste na bhFiann ag ceiliúradh 40 bliain ar an bhfód** ag eagrú a gcuid cúrsaí Samhraidh agus is ag dul ó neart go neart atá siad ó shin. Eagraíonn **Coláiste na bhFiann** cúrsaí Samhraidh trí seachtaine do dhaltaí ar fud na tíre – Ros Muc, Co. na Gaillimhe, Rath Cairn agus Baile an Uairnigh i gCo. na Mí,, Sligeach, Longfort, Cnoc Beag, Co. Cheatharlaigh, Baile na Sceilge agus Cill Áirne i gCiarraí.

Thar na mblianta tá an t-uafás daoine ó gach gairm beatha tar éis freastal ar na cúrsaí seo, agus san áireamh tá daoine cáiliúla ar nós an craoltóir agus siamsóir "Hector" agus Bláthnaid Ní Chófaigh, láithreoir an Afternoon Show le RTÉ chun cúpla ainm a lua.

Tá na céadta iar-dhaltaí ag teacht le chéile chun an éacht mór atá bainte amach ag Coláiste na bhFiann i múineadh agus cothú na Gaeilge i mbealach taitneamhach dearfach a cheiliúradh ag Dinnéar agus Céilí in Ionad Comhdhála Páirc an Chrócaigh ar 29 Samhain 2008.

Tá gach eolas ar fáil faoi thicéid don dinnéar seo, eolas faoi na gcoláistí Samhraidh agus na cumainn ar fáil ar an suíomh ghréasáin www.colaistenabhfiann.ie.

Tá gach eolas faoi mórshiúl SPRAOI ar fáil ó Choláiste na bhFiann, 4 Ardán Clifton, Bail na Manach, Co. Átha Cliath T:01 2808091 M:087 9882180 nó R-phost: eolas@colaistenabhfiann.ie

Is fiú go mór mórshiúl SPRAOI a fheiceáil, is sampla iontach é do gach atá dearfach faoin ár dteanga dúchais agus ár ndaoine óga.

Críoch

Caitríona Ní Cheallaigh, Cathaoirleach Feidhmitheach, Coláiste na bhFiann
T: 01 2808091 R-phost: eolas@colaistenabhfiann.ie

Nó
Mary Fitzgerald – PR Consultant Coláiste na bhFiann
T: 01 6787916, M: 086-2520181 R-phost: info@maryfitzgeraldpr.ie